Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8693/21**

**EDUC 162**
**JEUN 48**
**SOC 261**
**EMPL 194**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7985/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cothromas agus cuimsiú san oideachas agus san oiliúint chun rath san oideachas a chur chun cinn do chách |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le cothromas agus cuimsiú san oideachas agus san oiliúint chun rath san oideachas a chur chun cinn do chách, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) iad ag an gcruinniú a bhí aici an 17-18 Bealtaine 2021.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le**

**cothromas agus cuimsiú san oideachas agus san oiliúint chun rath san oideachas a chur chun cinn do chách**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

I gCOMHTHÉACS AN MHÉID SEO A LEANAS

1. Colún Eorpach na gCeart Sóisialta arna fhógairt go comhpháirteach ag Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta Göteborg 2017 agus go háirithe an chéad phrionsabal, an tríú prionsabal agus an t-aonú prionsabal déag de.

2. An Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030), lena mbunaítear gurb é a chéad tosaíocht straitéiseach feabhas a chur ar cháilíocht, cothromas, cuimsiú agus rath do chách san oideachas agus san oiliúint.

AG MEABHRÚ DI an cúlra polaitiúil mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

I bhFIANAISE AN MHÉID SEO A LEANAS

3. Torthaí na Tuarascála Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2020, a léiríonn, i measc rudaí eile, an méid seo a leanas:

   a) tá rannpháirtíocht ard in oideachas agus i gcúram na luath-óige ó 4 bliana d'aois, agus í díreach faoi bhun sprioc ET 2020, a bhuí leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag na Ballstáit, ach is dúshlán fós é go bhfuil an rochtain agus an cháilíocht míchothrom;

   b) ba 10.2 % an céatadán díobh siúd a d'fhág an t-oideachas agus an oiliúint go luath in 2019, rud a fhágann go bhfuil sprioc ET 2020 beagnach á baint amach. Mar sin féin, 20.3 % an ráta dóibh siúd atá faoi mhíchumas, agus is mó seans go bhfágfaidh daltaí a rugadh thar lear an t-oideachas roimh am ná a bpiaraí a rugadh sa tír (22.2 % v 8.9 % faoi seach). Is mó fir óga ná mná óga a fhágann an t-oideachas go luath (11.9 % v 8.4 % faoi seach), agus is bearna í sin nach bhfuil aon athrú ag teacht air ar an mórgóir le deich mbliana anuas;

   c) léiríonn torthaí staidéar PISA 2018 nár chomhlíon an tAontas Eorpach a sprioc ET 2020 maidir leis an tearcghnóthachtáil i mbunscileanna a laghdú go dtí níos lú ná 15 %. Go deimhin, tháinig méadú ar an tearcghnóthachtáil san eolaíocht agus sa léitheoireacht san Aontas ina iomláine, agus d'fhan sí gan athrú sa mhatamaitic le deich mbliana anuas (22.5 % sa léitheoireacht, 22.9 % sa mhatamaitic agus 22.3 % san eolaíocht do AE-27). Ní ann a thuilleadh do dhifríochtaí suntasacha inscne sna leibhéil tearcghnóthachtála ach amháin sa léitheoireacht – áit a bhfuil sciar níos airde de bhuachaillí i measc na dtearcghnóthachtálaithe. Ina theannta sin, léiríonn na torthaí a thábhachtaí atá aeráid na scoile do dhea-bhail agus d'fheidhmíocht na ndaltaí;

d) tá sprioc ET 2020 i ndáil le 40 % a bheith san oideachas treasach bainte amach ag an Aontas agus ag formhór na mBallstát. Tá difríochtaí inscne fós ann ar fud an Aontais, áfach, agus is iad na mic léinn ar lú a ndeiseanna ar lú freisin na hionchais atá acu i ndáil leis an oideachas treasach a chríochnú (43.4 %) ná ionchais a bpiaraí (82.3 %).

e) rinneadh dul chun cinn mall le deich mbliana anuas ó thaobh rannpháirtíocht i measc daoine fásta san oideachas a mhéadú agus leanann an rannpháirtíocht sna Ballstáit de bheith go han-éagothrom. In 2019, ba é 10.8 % ráta rannpháirtíochta na ndaoine fásta san fhoghlaim in AE-27, méadú beag ó 7.8 % in 2010, agus fós i bhfad ón sprioc 15 %.

f) is é an cúlra socheacnamaíoch fós is mó a chinneann na torthaí oideachais san Aontas, rud a chuireann bac ar sciar suntasach de dhaoine óga leibhéal leordhóthanach bunscileanna a shealbhú agus a chuireann cosc ar an tsoghluaisteacht shóisialta aníos.

4. Suirbhé an Chomhphobail ar úsáid TFC (Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide) i dteaghlaigh agus i measc daoine aonair, a léiríonn go raibh easpa bunscileanna digiteacha fós ag an gcúigiú cuid de dhaoine óga (idir 16-24 bliana d'aois) san Aontas in 2019.

5. Tuarascáil 2020 Eurydice dar teideal *Equity in school education in Europe: Structures, policies and student performance* [Cothromas san oideachas scoile san Eoraip: struchtúir, beartais agus feidhmíocht na mac léinn], ina sainítear na beartais agus na struchtúir lena mbaineann leibhéil níos airde cothromais i bhfeidhmíocht na mac léinn agus a léiríonn go bhfuil éagsúlacht mhór i scoileanna san Eoraip maidir le cothromas i dtéarmaí cuimsitheachta agus cothroime.

6. Paindéim COVID-19, mar aon leis an athrú forleathan chuig teagasc agus foghlaim dhigiteach, lenar cuireadh brú suntasach ar chórais oideachais agus oiliúna ar fud an Aontais agus ar dócha go mbeidh tionchar aici ar an dul chun cinn a dhéanfar i dtreo roinnt de na spriocanna agus na táscairí ar leibhéal an Aontais san oideachas agus san oiliúint.

MEASANN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS

7. Laistigh den chreat straitéiseach nua le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030), agus i bhfianaise a chuspóra pholaitiúil uileghabhálaigh Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach, is mithid anois féachaint ar a bhfuil déanta go nuige seo chun feabhas a chur ar an gcothromas agus an cuimsiú san oideachas agus san oiliúint chun dlús nua a chur faoin gcomhar ar leibhéal an Aontais agus san obair náisiúnta sa réimse sin.

8. Cé go bhfuil an Chomhairle tar éis dul i ngleic le saincheisteanna an chothromais, an oideachais chuimsithigh agus an ratha san oideachas agus san oiliúint, níor tugadh aghaidh orthu go dtí seo mar iomlán agus mar phointí idirnasctha idirspleácha lenar féidir cabhrú le cumas na gcóras oideachais agus oiliúna oideachas agus oiliúint atá cuimsitheach ó thaobh na gné sóisialta de, comhtháite, cothrom, rathúil, ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chách, lena n-áirítear foghlaim ar feadh an tsaoil.

9. Go háirithe anois, i ndiaidh phaindéim dhomhanda COVID-19, a chuaigh i bhfeidhm ar na córais oideachais agus oiliúna ar fad, lena n-áirítear oideachas agus cúram na luath-óige, tá béim láidir leagtha ag Airí Oideachais an Aontais i roinnt díospóireachtaí ó 2020 i leith ar a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar an gcothromas agus ar an gcuimsiú san oideachas agus san oiliúint lena áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár.

10. Ba cheart do chórais oideachais agus oiliúna na hEorpa leas a bhaint as an stádas tosaíochta atá ag an gcuimsiú i mbeartais, i gcláir mhaoiniúcháin agus in ionstraimí an Aontais, amhail: clár nua Erasmus+, lena bhforáiltear do bhearta tiomnaithe maidir le cuimsiú; Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, lena dtacaítear le cur chun cinn na rochtana comhionainne ar oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán ar gach leibhéal, go háirithe i gcás grúpaí faoi mhíbhuntáiste; agus Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an Aontais, ar cheart leas iomlán a bhaint aisti chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais san oideachas, ar measa ná cheana iad mar gheall ar an ngéarchéim reatha.

11. Aithnítear an poitéinseal atá ag an oideachas agus an oiliúint an cuimsiú a chothú i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta a fógraíodh go comhpháirteach agus sa Phlean Gníomhaíochta[1] a ghabhann leis arna ghlacadh le déanaí ag an gCoimisiún, ina gcuirtear i bhfios go láidir gur den riachtanas an t-oideachas agus an oiliúint chun deiseanna nua a chur ar fáil do chách.

[1] COM(2021) 102 final.

AITHNÍONN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS

12. Is prionsabal bunúsach den oideachas agus den oiliúint é go mbeadh cothromas i dtaca le rochtain, cuimsiú agus rath do chách san oideachas agus san oiliúint, ach is dúshlán fós é sin a bhaint amach do chórais oideachais agus oiliúna an Aontais, áit a bhfuil difríochtaí suntasacha idir na Ballstáit agus laistigh díobh.

13. Tá ról tábhachtach ag an oideachas agus an oiliúint chun neamhionannais a laghdú, go sonrach na neamhionannais sin a bhaineann le stádas socheacnamaíoch, cúlra imirceach, bunadh ciníoch nó eitneach[2], inscne, gnéaschlaonadh, míchumais, agus tá fianaise ann gurb iad na córais oideachais agus oiliúna ina leagtar béim ar chothromas agus ar chuimsiú na córais is fearr feidhmíocht.

14. Bíonn tionchar dearfach go háirithe ag an gcomhar idir institiúidí an oideachais agus na hoiliúna foirmiúla agus seachfhoirmiúla ar an gcuimsiú sóisialta, mar ba léir le linn phaindéim COVID-19.

15. Ós rud é go bhfuil éagsúlacht agus éagothromaíochtaí ag dul i méid i sochaí an lae inniu, tá ról lárnach ag an mbeartas oideachais agus oiliúna chun an t-idirdhealú a chosc agus an cuimsiú, an lánpháirtiú agus an urraim don éagsúlacht a chothú san Aontas Eorpach. Dá bhrí sin, ní mór córais oideachais agus oiliúna a mhúnlú chun a áirithiú go mbeidh rochtain chothrom éifeachtach ag gach grúpa agus ag gach duine aonair ar dheiseanna foghlama ar ardchaighdeán agus go gcuirfear ar a gcumas a gconair oideachais nó oiliúna a chur i gcrích go rathúil.

16. Ní mór leanúint de na hiarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh níos mó foghlaimeoirí in ann oideachas agus oiliúint meánscoile uachtaraí (nó a choibhéis) a chríochnú go rathúil agus leanúint ar aghaidh leis an mbreisoideachas, an mbreisoiliúint nó leis an ardoideachas, rud a chuirfidh ar a gcumas eolas luachmhar, agus scileanna agus inniúlachtaí luachmhara a fhorbairt le haghaidh an tsaoil agus a bpoitéinseal iomlán a bhaint amach.

[2] Tagraítear do Threoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a mbunadh ciníoch nó eitneach.

17. Le blianta beaga anuas, tá éirithe ag córais oideachais agus oiliúna náisiúnta agus réigiúnacha feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht maidir le cothromas níos fearr a sholáthar ó thaobh rochtana agus cuimsithe de, lenar féidir tacú leis an rath oideachasúil, ach tá gá fós le hiarrachtaí, gníomhú agus bearta breise, chun feabhas a chur ar an gcothromas, an gcuimsiú agus an rath oideachasúil ar bhealach comhuaineach. Áirítear leis sin an gá le treoir ar feadh an tsaoil, a bheidh níos inrochtana agus ar ardchaighdeán, a chur ar fáil ar gach leibhéal agus do gach cineál oideachais agus oiliúna[3].

18. Tá modhanna treisithe anois ag an gclár nua Erasmus+ chun cuimsiú sóisialta agus cothromas a chur chun cinn níos fearr agus feabhas a chur ar an bhfor-rochtain do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu agus/nó ar lú a ndeiseanna, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí soghluaisteachta a dhéanamh níos inrochtana do réimse níos leithne foghlaimeoirí, múinteoirí, oiliúnóirí, oideachasóirí múinteoirí agus baill foirne eile.

CUIREANN SÍ I dTREIS AN MÉID A LEANAS

19. Ba cheart an deis a bheith ag gach duine, ag gach céim dá shaol nó dá saol, réimse leathan príomhinniúlachtaí[4] a fhorbairt chun go mbeadh rath orthu sa saol, idir rath ghairmiúil agus rath phearsanta, agus chun ceart a bhaint de na claochluithe atá ag tarlú faoi láthair agus a tharlóidh amach anseo, sa tsochaí agus sa gheilleagar, lena n-áirítear mar chuid den aistriú glas agus den aistriú digiteach. Is ceist é sin a bhaineann go díreach leis an gcothroime shóisialta chomh maith céanna agus a bhaineann sé le hiomaíochas an Aontais.

20. Tá ról ríthábhachtach ag an oideachas agus an oiliúint ó thaobh todhchaí na hEorpa a mhúnlú agus chun go mbeidh saoránaigh in ann téachtadh d'fhéin-chomhlíonadh agus dea-bhail phearsanta, a bheith ullamh chun oiriúnú agus feidhmiú i margadh saothair atá ag athrú agus chun páirt a ghlacadh i saoránacht ghníomhach fhreagrach.

---

3 I gcomhréir leis an Rún ón gComhairle an 21 Samhain 2008 maidir le treoir ar feadh an tsaoil a chomhtháthú níos fearr i straitéisí foghlama ar feadh an tsaoil.

4 Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le hinniúlachtaí lárnacha d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil, IO C 189, 4.6.2018, lch. 1.

21. Le paindéim COVID-19, cuireadh chun suntais ar bhealach níos soiléire fós nach mór aghaidh a thabhairt ar dhúshláin struchtúracha sheanbhunaithe tar éis éifeachtaí láithreacha na paindéime, lena n-áirítear dea-bhail agus meabhairshláinte na bhfoghlaimeoirí linbh agus na n-oideoirí. I ngeall air sin, treisíodh an gá atá le hoideachas agus oiliúint chuimsitheach ar ardchaighdeán a áirithiú, lena n-áirítear oideachas agus cúram na luath-óige, agus é a chur ar fáil do gach foghlaimeoir agus é a dhéanamh inrochtana dóibh, gan beann ar inscne, ar chúlra sonrach socheacnamaíoch, eitneach, reiligiúnach nó cultúrtha, ar riachtanais shonracha oideachais, nó ar imthosca pearsanta eile.

22. Tá comhionannas deiseanna do chách maidir le rochtain a fháil ar oideachas agus ar oiliúint ríthábhachtach, ach ní leor iad: ní mór aird ar leith a thabhairt ar thrasnachas na saincheisteanna, i.e. na dúshláin bhreise nó fhorluiteacha a mbíonn ar fhoghlaimeoirí aghaidh a thabhairt orthu, amhail foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu nó atá faoi mhíchumas, a bhfuil deacrachtaí acu ina saol pearsanta, a bhfuil cúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste acu, atá ó chúlra imirceach agus ó mhionlaigh, ó limistéir faoi bhrú eacnamaíoch, ó limistéir atá scoite, oileánach nó iargúlta, amhail na réigiúin is forimeallaí san Aontas. De réir na loighce céanna sin, ní mór riachtanais na bhfoghlaimeoirí a bhfuil cumas ar leith acu a mheas chun tacú leo agus chun cabhrú leo a bpoitéinseal iomlán a bhaint amach.

23. Chun feabhas a chur ar chothromas agus ar chuimsiú san oideachas agus san oiliúint, is gá freisin an íogaireacht inscne a fhorbairt sna próisis teagaisc agus foghlama agus in institiúidí oideachais agus oiliúna agus, san am céanna, steiréitíopaí agus claontaí inscne a cheistiú agus a réiteach, agus idirdhealú bunaithe ar inscne nó ar ghnéaschlaonadh a chosc.

24. Ba cheart do na córais oideachais agus oiliúna freastal ar riachtanais, cumais agus acmhainneachtaí éagsúla gach foghlaimeora agus ba cheart dóibh deiseanna foghlama a thairiscint do chách, lena n-áirítear naisc chuig suíomhanna seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, amhail comhar le hionaid oideachais aosach, institiúidí nó ionaid oibre don óige agus institiúidí cultúrtha, i measc nithe eile.

25. Ní mór iarrachtaí a dhéanamh fós na hinniúlachtaí sóisialta, mothúchánacha, sibhialta agus idirchultúrtha is gá a thabhairt d'fhoghlaimeoirí uile chun luachanna daonlathacha an Aontais, cearta bunúsacha, comhionannas deiseanna, cuimsiú sóisialta agus neamh-idirdhealú a athdhearbhú, a neartú agus a chothú, mar aon le saoránacht chomhfhiosach ghníomhach a chur chun cinn. Chuige sin, is féidir ról lárnach a bheith ag an oideachas saoránachta, trína áirithiú go bhfaighidh gach foghlaimeoir tuiscint agus meas ar gach cineál éagsúlachta agus, ar an gcaoi sin, an chaoinfhulaingt, an meon daonlathach, an smaointeoireacht chriticiúil agus foghlaim inniúlachtaí saoránachta idirchultúrtha agus gníomhacha a fhorbairt.

26. Bunús tábhachtach don rath pearsanta, oideachasúil agus gairmiúil a bheidh ann amach anseo is ea rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na luath-óige, rud atá ríthábhachtach do leanaí ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste nó ó chúlra leochaileach. Is gá fós cáilíocht, cuimsitheacht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht na gcóras oideachais agus cúraim luath-óige a mhéadú chun comhionannas deiseanna a áirithiú i ndáiríre do gach leanbh a bheith rannpháirteach ann[5].

---

[5] I gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019 maidir le Córais Oideachais agus Cúraim Luath-Óige ar Ardchaighdeán.

27. I ngeall ar luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna agus teip acadúil, cuirtear líon níos lú deiseanna socheacnamaíocha ar fáil do dhaoine óga, go háirithe iad siúd atá i mbaol agus iad siúd is leochailí ó thaobh eisiata de. Ní mór leanúint de na hiarrachtaí chun córais atá cuimsitheach i ndáiríre a áirithiú, ina bhfaighidh na foghlaimeoirí uile oideachas ar ardchaighdeán agus ina gcuirfear chun cinn agus ina gcosnófar a ndea-bhail agus a meabhairshláinte. Tá an méid sin, mar aon le bearta coisctheacha agus tacaíochta bunaithe ar riachtanais foghlaimeoirí aonair agus ar threoir fheabhsaithe ar ardchaighdeán ar feadh an tsaoil, ríthábhachtach chun an ráta luathfhágála ón oideachas agus ón oiliúint a laghdú agus chun foghlaimeoirí a stiúradh i dtreo oideachas meánscoile uachtaraí (nó a chomhionann) a chur i gcrích go rathúil agus leanúint den bhreisoideachas agus oiliúint nó den ardoideachas.

28. Is den riachtanas é gnóthachtáil fheabhsaithe oideachais a chur chun cinn agus tacú le haistriú rianúil chuig margadh an tsaothair, lena n-áirítear trí threoir ar feadh an tsaoil, foghlaim ar feadh an tsaoil agus foghlaim aosach, agus nuair is gá laistigh de phróisis 'uas-sciliú' agus 'athsciliú', forbairt leanúnach phearsanta, acadúil agus ghairmiúil agus saoránacht ghníomhach a chur chun cinn.

29. Tá sciar na dtearcghnóthachtálaithe fós ró-ard agus, ó cheann ceann na hEorpa, tá as measc na bhfoghlaimeoirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, ó limistéir faoi bhrú eacnamaíoch nó ó limistéir atá scoite, oileánach nó iargúlta, amhail na réigiúin is forimeallaí san Aontas, an iomarca tearcghnóthachtálaithe agus luathfhágálaithe scoile. Dá bhrí sin, is gá fós bearta beartais oideachais agus oiliúna a shainaithint, ar bearta iad lena bhféadfar cur le rath an oideachais ar bhealach níos fearr do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear cuir chuige nuálacha oideolaíocha.

30. Rannchuidíonn an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint, lena n-áirítear printíseachtaí agus cineálacha eile foghlama obairbhunaithe, le cothromas trína áirithiú go mbeidh cláir ghairme ann atá ar ardchaighdeán, cuimsitheach agus inrochtana do chách, lena n-áirítear grúpaí leochaileacha[6].

31. Ar an gcaoi chéanna, cuireann foghlaim aosach deiseanna solúbtha ar fáil do chách, lena n-áirítear grúpaí leochaileacha chun rochtain a fháil ar an bhfoghlaim agus cuireann sí an dara deis nó bealach malartach ar fáil chuig scileanna agus cáilíochtaí.

32. Le comhar agus malartú tráthúil faisnéise idir institiúidí oideachais agus oiliúna, obair don óige agus an earnáil shóisialta, d'fhéadfaí foghlaimeoirí atá i mbaol luathfhágáil na scoile a bhrath go luath agus thabharfaí bearta tacaíochta níos iomchuí do dhaoine óga leochaileacha, amhail daoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna, lena n-áirítear tríd an ráthaíocht atreisithe don aos óg.

33. D'fhéadfadh an t-ardoideachas cothromas agus cuimsiú a chothú trí aistriú réidh ón oideachas meánscoile uachtaraí go dtí an t-ardoideachas a éascú do mhic léinn agus tacú leo, trí thacú le rochtain ar oideachas cuimsitheach ar ardchaighdeán do gach cineál foghlaimeora agus trí rannpháirtíocht grúpaí faoi thearcionadaíocht, lena n-áirítear foghlaimeoirí neamhthraidisiúnta, a chur chun cinn. Ina theannta sin, is féidir leis an ardoideachas rannpháirtíocht daoine fásta a mhéadú a thuilleadh, uas-sciliú agus athsciliú a chur chun cinn, agus ról a imirt san fhoghlaim ar feadh an tsaoil a bhuí le roghanna malartacha solúbtha ar chláir iomlána a chur ar fáil, trí fhéachaint ar choincheap agus ar úsáid cur chuige Eorpach maidir le micridhintiúir.

34. Tá an obair a dhéantar faoi chuimsiú phróiseas Bologna ábhartha chun an ghné shóisialta san ardoideachas a fhorbairt a thuilleadh.

---

6 I gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint ar mhaithe le hiomaíochas inbhuanaithe, cothroime shóisialta agus athléimneacht.

35. Imríonn an teicneolaíocht dhigiteach ról tábhachtach chun timpeallachtaí foghlama, oideolaíochtaí digiteacha, agus uirlisí agus tascanna a dhéanamh inoiriúnaithe, pearsantaithe agus oiriúnach d'fhoghlaimeoirí éagsúla. A bhuí leis an teicneolaíocht dhigiteach, is féidir cuimsiú dáiríre a chur chun cinn ar choinníoll go dtabharfaí aghaidh i gcomhthráth ar shaincheisteanna maidir leis an mbearna dhigiteach, i dtéarmaí an bhonneagair dhigitigh, na nascachta, agus na rochtana ar ghairis dhigiteacha, ar threalamh, ar acmhainní agus ar scileanna digiteacha, agus ar a n-inrochtaineacht dóibh siúd atá faoi mhíchumas. Ina theannta sin, cé gur cumasaíodh leis an teicneolaíocht dhigiteach an cianoideachas le linn phaindéim COVID-19, léiríodh sa chás sin éagothromaíochtaí foluiteacha maidir le rochtain ar ghairis dhigiteacha, nascacht, agus cineálacha eile deighilte digití amhail inniúlachtaí digiteacha foghlaimeoirí, oideachasóirí agus cúramóirí agus infhaighteacht na tacaíochta a bhaineann le cúramóirí.

36. D'fhéadfaí rannchuidiú freisin leis an deighilt dhigiteach a dhúnadh agus le teagasc agus foghlaim níos cuimsithí a chothú ach úsáid eiticiúil, fhreagrach agus chuimsitheach a bhaint as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, amhail an intleacht shaorga.

37. Is iomaí deis nua a bhíonn ann má mhéadaítear rochtain ar thimpeallachtaí foghlama fíorúla. Mar sin féin, mar gheall ar an rochtain níos minice ar thimpeallachtaí foghlama fíorúla agus an méadú atá ag teacht ar an rochtain ar na timpeallachtaí sin agus ar an úsáid a bhaintear astu, bíonn foghlaimeoirí i mbaol níos mó fulaingthe ón gcibearbhulaíocht, ó chineálacha eile ciaptha ar líne nó ó bheith ina spriocanna bréagaisnéise, eadhon trí líonraí sóisialta. Ní mór iarrachtaí a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear oideachas ar fhoghlaimeoirí agus oiliúint ar oideachasóirí maidir le sábháilteacht ar líne agus go mbeidh siad feasach ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le hardáin nó uirlisí áirithe ar líne, chun timpeallacht shábháilte fhíorúil foghlama a chur chun cinn i ndáiríre. An tráth céanna, ba cheart treoirlínte agus nósanna imeachta soiléire a bheith i bhfeidhm ag institiúidí oideachais agus oiliúna chun freagairt ar na saincheisteanna sin.

38. Tá múinteoirí, oiliúnóirí, gairmithe oideachais agus chúram na luath-óige agus baill foirne oideolaíocha eile, chomh maith le ceannairí institiúidí oideachais agus oiliúna agus comhairleoir*í* treorach, ar gach leibhéal, ríthábhachtach chun tacú le cothromas, cuimsiú agus rath san oideachas agus san oiliúint do chách. Chun bheith in ann an fheidhm sin a fheidhmiú, ní mór dóibh a bheith an-inniúil agus caithfidh na scileanna, na hinniúlachtaí agus an t-eolas cúlra is gá a bheith acu chun an míbhuntáiste oideachasúil a thuiscint agus chun dul i ngleic leis agus chun daoine a mhúineadh agus oideachas a chur orthu i dtimpeallachtaí atá ag éirí níos ilchineálaí, níos ilteangaí agus níos ilchultúrtha.

39. Ba cheart oideachas tosaigh, ionduchtú agus forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí, oiliúnóirí agus oideachasóirí eile a ailíniú leis na caighdeáin náisiúnta agus réigiúnacha ábhartha, de réir mar is iomchuí*,* agus próisis forbartha institiúidí oideachais agus oiliúna. Tá sé sin ríthábhachtach chun cuir chuige nua a bhunú chun freagairt níos fearr a thabhairt ar réaltachtaí nua agus dúshlánacha, amhail iad siúd a bhaineann leis an aistriú digiteach agus leis an aistriú glas. Ní mór gach dícheall a dhéanamh chun tacú le múinteoirí, oiliúnóirí, ceannairí institiúidí oideachais agus oiliúna agus comhairleoirí treorach ó thaobh cur le cothromas, cáilíocht sa mhúinteoireacht agus treoraíocht ar feadh an tsaoil. Anuas air sin, ní mór gach dícheall a dhéanamh chun na hiarrthóirí is fearr don ghairm a mhealladh agus chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais múinteoirí, nuair is gá, trí straitéisí earcaíochta níos fearr agus níos solúbtha. An tráth céanna, cuideoidh sé sin le cáilíocht agus cuimsitheacht na n-institiúidí oideachais agus oiliúna a fheabhsú agus, ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar rialachas na gcóras oideachais agus oiliúna.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH I gCOMHRÉIR LEIS NA hIMTHOSCA NÁISIÚNTA AGUS LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA

40. Bearta beartais oideachais a chur chun feidhme agus athchóirithe ar chórais oideachais agus oiliúna a shaothrú, de réir mar is iomchuí, ag féachaint do réimse iomlán an oideachais agus na hoiliúna agus i gcur chuige institiúide iomlán chun comhdheiseanna agus cuimsiú a fheabhsú agus chun rath san oideachais ar gach leibhéal agus gach cineál oideachais agus oiliúna a chur chun cinn, eadhon tríd an méid seo a leanas:

a) aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht mhéadaitheach na bhfoghlaimeoirí agus feabhas a chur ar an rochtain ar oideachas agus oiliúint chuimsitheach ar ardcháilíocht do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus ó ghrúpaí leochaileacha, amhail foghlaimeoirí atá i mbaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta agus foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais shonracha foghlama acu, daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil cáilíochtaí/scileanna níos ísle acu, daoine ó chúlra imirceach, daoine ó mhionlaigh agus foghlaimeoirí ar lú a ndeiseanna mar gheall ar a suíomh geografach, inscne agus/nó a gcás atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch;

b) straitéisí cuimsitheacha ratha san oideachas a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, bunaithe ar chomhar láidir trasearnála ar gach leibhéal, chun cur i gcrích rathúil conairí oideachais agus oiliúna (nó a chomhionann) meánscoile uachtaraí a chothú agus luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna agus íosghnóthachtáil a laghdú, lena n-áirítear trí thacú le cur chuige institiúide iomláine agus le comhoibriú ildisciplíneach i scoileanna agus timpeall orthu, le fís chuimsitheach oideachais agus oiliúna atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir, lena gcuirfear chun cinn comharthaí díscoir a bhrath go luath, creataí treoracha agus tacaíochta aonair a threisiú d'fhoghlaimeoirí atá i mbaol, agus rannpháirtíocht tuismitheoirí, cúramóirí, teaghlach agus pobal a chur chun cinn agus tacú leo;

c) oibriú chun a áirithiú go mbainfidh gach foghlaimeoir leibhéal bonnlíne inniúlachta amach i scileanna bunúsacha, lena n-áirítear scileanna digiteacha, agus béim ar leith á leagan ar ghrúpaí atá i mbaol tearc-ghnóthachtála agus luathfhágála ón oideachas agus ón oiliúint, lena n-áirítear athchóirithe éifeachtacha beartais a shainaithint chun tacú le gnóthú níos fearr i mbunscileanna, go sonrach maidir le curaclam agus/nó measúnú agus treoir ar feadh an tsaoil, chomh maith le hacmhainneacht na n-institiúidí agus na foirne a bheith nuálach agus cuir chuige agus timpeallachtaí foghlama atá dírithe ar mhic léinn a fhorbairt

d) oibriú chun a áirithiú go dtabharfar tacaíocht leordhóthanach do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear go háirithe foghlaimeoirí tréitheacha, agus go dtabharfar dúshlán intleachta dóibh, de réir a gcumas agus a n-acmhainneachtaí, agus a ndea-bhail choirp, mhothúchánach agus síceolaíochta a chosaint ag an am céanna;

e) institiúidí oideachais agus oiliúna a choinneáil mar thimpeallachtaí sábháilte, saor ó fhoréigean, ciníochas, bulaíocht, cibearbhulaíocht, ciapadh gnéasach, gnéasachas, caint dhíobhálach, bréagaisnéis, mífhaisnéis agus gach cineál idirdhealaithe;

f) timpeallacht foghlama atá sábháilte, fáilteach agus tacúil a spreagadh, lena n-áirítear ar líne, inar féidir leis na foghlaimeoirí uile fás agus forbairt mar dhaoine aonair agus mar bhaill den phobal agus a mhothú go bhfuil meas agus luach orthu agus go bhfuil a gcuid tallann agus riachtanas sonrach aitheanta, agus ionchais arda iomchuí á socrú do gach foghlaimeoir agus aire a thabhairt dá ndea-bhail aonair;

g) a áirithiú go mbreithníonn próisis dearbhúcháin cáilíochta inmheánacha agus sheachtracha in institiúidí oideachais agus oiliúna saincheisteanna an chothromais maidir le rochtain, cuimsiú agus rath oideachasúil do gach foghlaimeoir.

h) ag féachaint, de réir imthosca náisiúnta agus réigiúnacha, do bheartais éifeachtacha um threoir ar feadh an tsaoil a chur chun feidhme, gairmthreoir agus deiseanna a chur ar fáil d'fhorbairt scileanna gairme ar gach leibhéal agus gach cineál oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear tacú le haistrithe gairme a dhéanann saoránaigh ar feadh an tsaoil;

i) ilteangachas a chur chun cinn in institiúidí oideachais agus oiliúna trí luach a chur ar chúlra teanga na bhfoghlaimeoirí agus leas a bhaint as sin, agus ar an gcaoi sin oilteacht i dteanga na scolaíochta a neartú agus tacú le sealbhú tuilleadh inniúlachtaí teanga;

j) inrochtaineacht ar dheiseanna foghlama agus ar shuíomhanna cuimsitheacha a áirithiú, agus bearta tacaíochta aonair a chur ar fáil i dtimpeallachtaí foghlama lena n-uasmhéadaítear forbairt acadúil agus shóisialta do dhaoine faoi mhíchumas, chun oideachas[7] a éascú dóibh;

k) oibriú chun deacrachtaí síceolaíocha a chosc i measc foghlaimeoirí agus tacú le foghlaimeoirí a bhfuil deacrachtaí síceolaíocha acu, lena n-áirítear trí rochtain ar thacaíocht ghairmiúil, más gá.

41. Idirphlé leathan, comhar agus cuir chuige nuálacha a spreagadh idir údaráis phoiblí, institiúidí oideachais agus oiliúna agus príomh-gheallsealbhóirí, amhail pobail áitiúla, riaracháin áitiúla agus réigiúnacha, tuismitheoirí agus cúramóirí, muintir, gníomhaithe i réimse na hóige, idirghabhálaithe sóisialta agus cultúrtha, saorálaithe, comhpháirtithe sóisialta, fostóirí agus an tsochaí shibhialta, chun a áirithiú go mbunófar straitéisí cuimsitheacha oideachais agus oiliúna lena gcuirtear cothromas agus cuimsiú chun cinn agus lena bhfreastalaítear ar riachtanais an phobail i gcoitinne.

[7] I gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus leis an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030.

42. Cur ar fáil deiseanna foghlama a spreagadh d’fhoghlaimeoirí ar fad chun páirt a ghlacadh i gconairí solúbtha oideachais agus oiliúna ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear trí réamhfhoghlaim a bhailíochtú, lena n-áirítear laistigh de shuíomhanna seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus cuir chuige solúbtha, lena n-áirítear trí fhéachaint ar choincheap agus ar úsáid chur chuige Eorpach i leith mhicridhintiúr, ach gan an bonn a bhaint de chroíphrionsabal clár iomlán céime san oideachas agus oiliúint tosaigh.

43. Rochtain ar Oideachas agus Cúram na Luath-Óige ar ardchaighdeán a spreagadh agus a éascú do na leanaí uile, gan beann ar a n-imthosca aonair, teaghlaigh nó sóisialta, agus leanúint de chur chun feidhme breise an chreata Eorpaigh cáilíochta le haghaidh córais ardcháilíochta in Oideachas agus Cúram na Luath-Óige, lena n-áirítear trí leanúint d’infheistíocht a dhéanamh in Oideachas agus Cúram na Luath-Óige chun rochtain a thabhairt do níos mó leanaí agus chun caighdeáin cháilíochta a fheabhsú.

44. Deiseanna oideachas an dara deis a thairiscint, lena n-áirítear conairí solúbtha uas-scilithe agus athoiliúna, do dhaoine fásta a d’fhág an t-oideachas agus an oiliúint thosaigh nach bhfuil aon cháilíocht nó a bhfuil cáilíocht íseal acu.

45. Féachaint ar na deiseanna atá ann córais náisiúnta bailithe sonraí agus faireacháin agus meastóireachta a fhorbairt agus a fheabhsú, imdhealaithe de réir gnéis agus paraiméadair ábhartha eile, lena gceadófaí do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar thionchar na dtionscnamh beartais aonair, agus ar an gcaoi sin cuidiú leis an dul chun cinn a thomhas i gcur chun cinn an chothromais, an chuimsithe agus an ratha sna córais oideachais agus oiliúna.

46. Leanúint d’úsáid a bhaint as an nGníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus um Oideachas Cuimsitheach, i gcás inarb iomchuí, chun cuir chuige chuimsitheacha rathúla a chur chun feidhme, a dhoiciméadú, a scaipeadh, agus faireachán a dhéanamh orthu i gcórais oideachais agus oiliúna.

47. Leas iomlán a bhaint as uirlisí comhoibrithe Eorpacha d'institiúidí oideachais agus oiliúna, amhail an t-ardán eTwinning, an Tairseach Oideachais Scoile agus EPALE (an Ríomh-Ardán don Fhoghlaim Aosach san Eoraip), chun feabhas a chur ar an gcomhar agus ar mhalartú faisnéise, dea-chleachtas agus acmhainní maidir le cothromas, cuimsiú agus rath san oideachas a chur chun cinn in institiúidí oideachais agus oiliúna.

48. Infhaighteacht, rochtain, inrochtaineacht agus cáilíocht trealaimh agus bonneagair dhigitigh, nascacht, acmhainní oideachais oscailte agus digiteacha agus oideolaíochtaí ar gach leibhéal den oideachas agus den oiliúint a mhéadú, le tacaíocht spriocdhírithe chun rochtain éifeachtach a áirithiú d'fhoghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste agus d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas ag gach aois, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar an ngá atá le forbairt a dhéanamh ar scileanna agus inniúlachtaí bunúsacha agus digiteacha ar gach leibhéal agus i dtaca le gach cineál oideachais agus oiliúna chun leas iomlán a bhaint as poitéinseal an oideachais dhigitigh chun timpeallachtaí teagaisc agus foghlama atá níos cuimsithí agus níos rathúla a fhorbairt.

49. A áirithiú go dtabharfar do mhúinteoirí, oiliúnóirí, gairmithe Oideachas agus Cúram na Luath-Óige, foireann oideolaíoch agus oideachasóirí eile, chomh maith le ceannairí institiúidí oideachais agus oiliúna ar gach leibhéal an tacaíocht ar fad atá uathu, lena n-áirítear an t-oideachas tosaigh is gá, ionduchtú sa ghairm agus san fhorbairt ghairmiúil leanúnach, chun míbhuntáiste oideachais a thuiscint agus dul i ngleic leis agus aghaidh a thabhairt ar chlaontachtaí pearsanta agus dochar pearsanta, chun fíorchuimsiú agus rath a chur chun cinn, chun déileáil leis an éagsúlacht, chun spreagadh ceart a chothú don fhoghlaim agus chun torthaí foghlama ar ardcháilíocht a chur ar fáil do spriocghrúpa éagsúil, i gcomhar le geallsealbhóirí eile. Áirítear leis sin tacú le forbairt inniúlachtaí digiteacha agus oideolaíochtaí nuálacha, ar bhunleibhéal agus ardleibhéal, agus scileanna sóisialta agus mothúchánacha a fhorbairt, agus dea-bhail agus meabhairshláinte oideachasóirí á gcur chun cinn ag an am céanna.

50. Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais múinteoirí – i gcás inarb ann dóibh – go háirithe san oideachas um riachtanais speisialta agus i dtimpeallachtaí ilchultúrtha agus ilteangacha.

51. Leanúint de ghealltanais Dhearbhú Pháras 2015 a chur chun feidhme, eadhon trí oideachas saoránachta, chun saoránacht ghníomhach a chur chun cinn agus chun an chaoinfhulaingt agus dearcthaí daonlathacha, inniúlachtaí idirchultúrtha, an litearthacht dhigiteach agus an litearthacht sna meáin, agus an smaointeoireacht chriticiúil a chothú.

52. Leas iomlán a bhaint, i gcomhréir le riachtanais náisiúnta nó réigiúnacha, as na sásraí agus na cláir cistiúcháin réigiúnacha, náisiúnta agus Aontais ar fad atá ar fáil, amhail Erasmus+, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus in éineacht le cistí struchtúracha agus infheistíochta eile na hEorpa, InvestEU agus na deiseanna nua faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, chun infheistíocht inbhuanaithe a chothú in oideachas agus oiliúint atá cothrom agus cuimsitheach chun an rath san oideachais a chur chun cinn do chách.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, I gCOMHRÉIR LENA nINNIÚLACHTAÍ AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR AN gCOIMHDEACHT, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

53. An leas is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna atá ar fáil faoin gcreat straitéiseach nua le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030), tríd an Modh Oscailte Comhordúcháin, chun malartú dea-chleachtas agus cur chuige nuálach a chur chun cinn maidir leis an mbealach chun oideachas agus oiliúint níos cothroime agus níos cuimsithí a bhaint amach lena gcuirtear an rath chun cinn, eadhon trí fhoghlaim fhrithpháirteach agus foghlaim piaraí a neartú, agus, i gcás inar gá, trí thaighde agus staidéir a dhéanamh chun ceapadh beartais fianaise-bhunaithe a chur chun cinn agus cleachtais rathúla beartais maidir le cothromas, cuimsiú agus rath a fhorbairt agus a scaipeadh do chách san oideachas agus san oiliúint.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN, I gCOMHRÉIR LEIS NA CONARTHAÍ AGUS LE LÁN-URRAIM Á TABHAIRT AR AN gCOIMHDEACHT, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

54. I gcomhar leis na Ballstáit, obair a dhéanamh ar thionscnaimh a d'fhógair an Coimisiún i gcomhthéacs an Chláir Oibre Eorpaigh do Scileanna Nua, an Limistéir Eorpaigh Oideachais, sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027, lena bhfeabhsófar an cothromas, an cuimsiú agus an rath san oideachas agus san oiliúint, chomh maith leis an Straitéis maidir le Cearta an Linbh, an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 agus an Plean Gníomhaíochta maidir le Cur Chun Feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear an Ráthaíocht Eorpach don Leanbh.

55. I gcomhar leis na Ballstáit, obair a dhéanamh ar thionscnamh darb aidhm treoir bheartais a chomhfhorbairt maidir leis an íosghnóthachtáil agus leibhéal oideachais agus oiliúna (nó a chomhionann) meánscoile uachtaraí a mhéadú, rannchuidiú le leibhéil inniúlachta a ardú, agus an leibhéal oideachais ó chúlra socheacnamaíoch a dhícheangal agus an dífhostaíocht i measc na n-óg a chosc.

56. An tIdirphlé Straitéiseach leis na Ballstáit a chur chun feidhme, ina ndírítear ar éiceachóras digiteach ardfheidhmíochta a fhorbairt agus ar scileanna agus inniúlachtaí digiteacha a fheabhsú do chlaochlú digiteach an oideachais agus na hoiliúna.

57. Treoir bheartais do na Ballstáit a leagan amach maidir leis an bhfoghlaim ar líne agus an cianfhoghlaim sa bhunoideachas agus sa mheánoideachas chun cuimsitheacht agus solúbthacht an oideachais scoile a mhéadú agus chun feabhas a chur ar fhorbairt inniúlachtaí leathana na bhfoghlaimeoirí uile.

58. Tacú leis an gcomhar idir eagraíochtaí ábhartha ar geallsealbhóirí iad, ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach agus údaráis na mBallstát atá freagrach as an oideachas agus an oiliúint, ionas go bhféadfaidh siad ionchur a sholáthar go comhpháirteach sna moltaí beartais maidir le cineálacha cur chuige nuálach ildisciplíneach sa teagasc agus sa bhfoghlaim do bhunscileanna.

59. Feabhas a chur ar an gcomhar le hinstitiúidí agus gníomhaireachtaí Eorpacha ábhartha, amhail an Ghníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus um Oideachas Cuimsitheach, agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha amhail Comhairle na hEorpa, ECFE, na Náisiúin Aontaithe agus UNESCO, maidir leis an gcothromas i ndáil le rochtain, cuimsiú agus rath do chách san oideachas agus san oiliúint i gcomhar leis na Ballstáit.

60. Obair a dhéanamh ar thograí, bunaithe ar thuairim shaineolach an Bhuanghrúpa maidir le Táscairí agus Tagarmharcanna agus leas a bhaint as an tuairim sin, i gcás táscairí nó spriocanna ar leibhéal an Aontais a d’fhéadfadh a bheith ann i réimsí an chothromais agus an chuimsithe.

61. Féachaint ar dheiseanna chun bailiú sonraí Eorpach a fhorbairt agus a fheabhsú, eadhon laistigh de Eurostat, d’fhonn an measúnú a éascú ar thionscnaimh bheartais agus ar bhearta lena gcuirtear an cothromas, an cuimsiú agus an rath i gcórais oideachais agus oiliúna chun cinn ar fud an Aontais, agus ualaí breise ar na Ballstáit á seachaint ag an am céanna.

62. Leas a bhaint as an ngrúpa saineolaithe maidir le hinfheistíocht ardcháilíochta san oideachas agus san oiliúint, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, chun féachaint ar a éifeachtúla agus a éifeachtaí a d’fhéadfaí an cothromas agus an cuimsiú san oideachas agus san oiliúint a chur chun cinn in inniúlachtaí na ndaoine agus sa bhonneagar.

63. Grúpa saineolaithe a thionól chun tograí a fhorbairt maidir le straitéisí chun timpeallachtaí foghlama tacúla a chruthú do ghrúpaí atá i mbaol na tearcghnóthachtála agus chun tacú leis an dea-bhail ar scoil.

64. Grúpa saineolaithe a thionól agus a dhíreoidh ar an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn agus ar dhul i ngleic leis an mbréagaisnéis, rud atá ríthábhachtach chun eispéireas sábháilte, cuimsitheach ar líne a chumasú do chách.

CÚLRA POLAITIÚIL

1. Conclúidí ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh Comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint (ET 2020) (an 12 Bealtaine 2009)

2. Moladh ón gComhairle maidir le Beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú (an 28 Meitheamh 2011)

3. Rún ón gComhairle maidir le Clár Oibre athnuaite don Fhoghlaim Aosach (an 20 Nollaig 2011)

4. *Council Recommendation on the validation of non-formal and informal learning* [Moladh ón gComhairle maidir le bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla (an 20 Nollaig 2012)]

5. Dearbhú maidir leis an tsaoránacht agus le luachanna coiteanna na saoirse, na caoinfhulaingthe agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn tríd an oideachas (Páras, an 17 Márta 2015)

6. Tuarascáil Chomhpháirteach 2015 ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an chreata straitéisigh le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint (ET 2020) – Tosaíochtaí nua le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint (an 23 agus 24 Samhain 2015)

7. Conclúidí ón gComhairle maidir le luathfhágáil na scoile a laghdú agus leis an rath ar scoil a chur chun cinn (an 15 Nollaig 2015)

8. Moladh ón gComhairle maidir le conairí uas-scilithe: Deiseanna Nua do Dhaoine Fásta (19 Nollaig 2016)

9. Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cuimsiú san éagsúlacht d'fhonn oideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chách (an 17 Feabhra 2017)

10. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an bhforbairt scoile agus teagasc den scoth le haghaidh tús maith sa saol mór (an 30 Bealtaine 2017)

11. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún maidir leis an bhféiniúlacht Eorpach a neartú trí Oideachas agus Cultúr: Ionchur an Choimisiúin Eorpaigh ag cruinniú na gCeannairí in Göteborg (an 17 Samhain 2017)

12. Moladh ón gComhairle maidir le comhluachanna, an t-oideachas cuimsitheach agus gné Eorpach an teagaisc a chur chun cinn (an 22 Bealtaine 2018)

13. Conclúidí ón gComhairle maidir le dul chun cinn i dtreo fís de Limistéar Eorpach Oideachais (an 22 Bealtaine 2018)

14. Moladh ón gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun cinn d'oideachas ó institiúid ardoideachais nó meánoideachais shinsearaigh agus do thorthaí a tháinig ó thréimhsí foghlama a caitheadh thar lear (an 26 Samhain 2018)

15. Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige cuimsitheach i leith múineadh agus foghlaim teangacha (22 Bealtaine 2019)

16. Moladh ón gComhairle maidir le córais oideachais agus cúraim luath-óige ar ardchaighdeán (an 22 Bealtaine 2019)

17. Rún ón gComhairle maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a fhorbairt a thuilleadh chun tacú le córais oideachais agus oiliúna atá dírithe ar an todhchaí (an 8 Samhain 2019)

18. Conclúidí ón gComhairle maidir le múinteoirí agus oiliúnóirí na hEorpa amach anseo (an 9 Meitheamh 2020)

19. Conclúidí ón gComhairle maidir le géarchéim COVID-19 a chomhrac san oideachas agus san oiliúint (an 16 Meitheamh 2020)

20. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Clár Oibre Scileanna don Eoraip don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht (an 1 Iúil 2020)

21. Aontas an Chomhionannais: Plean gníomhaíochta an Aontais maidir leis an bhFrithchiníochas, 2020-2025 (an 18 Meán Fómhair 2020)

22. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún dar teideal *Achieving the European Education Area by 2025* [an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025] (an 30 Meán Fómhair 2020)

23. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027 – an t-oideachas agus an oiliúint a athshocrú don ré dhigiteach (an 30 Meán Fómhair 2020)

24. Moladh ón gComhairle maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint ar mhaithe leis an iomaíochas inbhuanaithe, an chothroime shóisialta, agus an athléimneacht (an 24 Samhain 2020)

25. Conclúidí ón gComhairle maidir leis an oideachas digiteach i sochaithe eolais na hEorpa (an 24 Samhain 2020)

26. Dearbhú Osnabrück maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint mar chumasóir téarnaimh agus aistrithe cóir chuig geilleagar digiteach agus geilleagar glas (an 30 Samhain 2020)

27. Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030) (an 18 Feabhra 2021)

28. Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi mhíchumas 2021-2030 (an 3 Márta 2021)

29. Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh (an 24 Márta 2021).